120.	Dr Adnan (عدنان) SLAKHO (سلاخو)	Dáta breithe: 7.9.1955; Áit bhreithe: Al-Malihah, Rif Dimashq, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail faoi iar-réimeas al-Assad. IarAire Oideachais agus comhairleoir reatha forbartha gnó san Aireacht Riaracháin Áitiúil. Bainteach le hiar-réimeas al-Assad agus leis an gcur faoi chois foréigneach a rinne an réimeas sin i gcoinne an daonra shibhialtaigh.	27.2.2012
121.	Dr Saleh (صالح) AL-RASHED (الراشد)	Dáta breithe: 1.8.1964; Áit bhreithe: Cúige Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Oideachais faoi iar-réimeas al-Assad agus Ceann reatha na Roinne Caidrimh Idirnáisiúnta i nDámh an Chaidrimh Idirnáisiúnta agus na Taidhleoireachta in Ollscoil Phríobháideach Al-Sham. Bainteach le hiar-réimeas al-Assad agus leis an gcur faoi chois foréigneach a rinne an réimeas sin i gcoinne an daonra shibhialtaigh.	27.2.2012
123.	Ghiath (غياث) JERAATLI (جرعتلي) (Jer'atli, Jir'atli, Jiraatli)	Dáta breithe: 1950; Áit bhreithe: Salamiya, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Bainteach le hiar-réimeas al-Assad agus leis an gcur faoi chois foréigneach a rinne an réimeas sin i gcoinne an daonra shibhialtaigh.	23.3.2012
124.	Yousef (يوسف) Suleiman (سليمان) AL-AHMAD (الأحمد) (ar a dtugtar freisin Al-Ahmed)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Hasaka, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Bainteach le hiar-réimeas al-Assad agus leis an gcur faoi chois foréigneach a rinne an réimeas sin i gcoinne an daonra shibhialtaigh.	23.3.2012
125.	Hassan (حسن,حسان) AL-SARI (الساري)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Hama, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Bainteach le hiar-réimeas al-Assad agus leis an gcur faoi chois foréigneach a rinne an réimeas sin i gcoinne an daonra shibhialtaigh.	23.3.2012
126.	Bouthaina (بثينة)SHAABAN (شعبان) (ar a dtugtar freisin Buthaina Shaaban)	Dáta breithe: 1.4.1953; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Inscne: baineann	Comhairleoir Polaitiúil agus Meán don iarUachtarán ó mhí Iúil 2008 i leith agus baint aici, dá réir sin, leis an gcniogbheartaíocht fhoréigneach a rinneadh ar an bpobal faoi iar-réimeas al-Assad.	26.6.2012
127.	Briogáidireghinearál Sha'afiq (شفيق) (ar a dtugtar freisin Shafiq, Shafik) MASA (ماسا) (ar a dtugtar freisin Massa)	Dáta breithe: 5.7.1956; Áit bhreithe: Al-Zara (Hama), an tSiria; Inscne: fireann	Ceann Brainse 215 (an Damaisc) de sheirbhís faisnéise an airm faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra a bhí faoi choinneáil a chéasadh. Páirteach i ngníomhaíochtaí ansmachtúla i gcoinne an phobail shibhialtaigh.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
128.	Briogáidireghinearál Burhan (برهان) QADOUR (قدور) (ar a dtugtar freisin Qaddour, Qaddur)	Inscne: fireann	IarCheann Brainse 291 (an Damaisc) de sheirbhís faisnéise an airm faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
129.	Briogáidireghinearál Salah (صلاح) HAMAD (حمد)	Inscne: fireann	LeasCheann Brainse 291 de sheirbhís faisnéise an airm faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
130.	Briogáidireghinearál Muhammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammed) KHALLOUF (خلوف) (ar a dtugtar freisin Abou Ezzat)	Dáta breithe: 2.11.1946; Inscne: fireann	IarCheann Brainse 235 (2009-2014), ar a dtugtar freisin “an Phailistín” (an Damaisc) de sheirbhís faisnéise an airm, faoi iar-réimeas al-Assad, brainse i gcroílár ghaireas diansmachta an airm. Bainteach go díreach le lucht freasúra a chur faoi chois. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
131.	Maorghinearál Riad (رياض) (ar a dtugtar freisin Riyad) AL-AHMED (الأحمد) (ar a dtugtar freisin al-Ahmad)	Inscne: fireann	LeasCheann Bhrainse Latakia de sheirbhís faisnéise an airm faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh agus a dhúnmharú.	24.7.2012
132.	Briogáidireghinearál Abdul-Salam Fajr MAHMOUD (عبدالسلام فجر محمود)	Dáta breithe: 1959 Inscne: fireann	Ceann Choiste Slándála Réigiún an Deiscirt faoi iar-réimeas al-Assad ó mhí na Nollag 2020. IarCheann ar Bhrainse Bab Tuma (an Damaisc) de Sheirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria. IarCheann ar bhrainse Imscrúdaithe Faisnéise Aerfhórsa Aerfort Mezze. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh. É faoi bharántas gabhála idirnáisiúnta de bharr “comhpháirteachas i ngníomhaíochtaí ceastóireachta”, “comhpháirteachas i gcoireanna in aghaidh na daonnachta” agus “comhpháirteachas i gcoireanna cogaidh”.	24.7.2012
133.	Briogadáireghinearál Jawdat (جودت) AL-AHMED (الأحمد) (ar a dtugtar freisin Al-Ahmad)	Dáta breithe: 8.2.1958; Áit bhreithe: Qardaha, Cúige Latakia, an tSiria; Inscne: fireann	Ceann Bhrainse Homs de Sheirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh mar aon le hagóidithe síochánta a mharú.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
134.	Coirnéal Qusay Ibrahim MIHOUB (قصي إبراهيم ميهوب)	Dáta breithe: 15.4.1961; Áit bhreithe: Derghamo, Jableh, Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	Oifigeach sinsireach i Seirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad. IarCheann bhrainse Deraa de sheirbhís faisnéise an aerfhórsa (a seoladh ón Damaisc go Deraa ag tús na léirsithe ansin). Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh mar aon le hagóidithe síochánta i réigiún an deiscirt a chur faoi chois le foréigean.	24.7.2012
135.	Briogáidireghinearál Suhail (سهيل) (ar a dtugtar freisin Suheil) AL-ABDULLAH (العبدالله) (ar a dtugtar freisin al-Abdallah)	Inscne: fireann	Ceann Bhrainse Latakia de Sheirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
136.	Briogáidireghinearál Khudr (خضر) KUUDR (خضر)	Inscne: fireann	Ceann Bhrainse Latakia den Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
137.	Briogáidireghinearál Ibrahim MA'ALA (ar a dtugtar freisin Maala, Maale, Ma'la) (معلا ابراهيم, ابراهيم معلى)	Inscne: fireann	Ceann Brainse 285 (an Damaisc) den Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta (a tháinig in ionad an Bhriogáidireghinearál Hussam Fendi ag deireadh 2011) faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
138.	Briogáidireghinearál General Firas (فراس) AL-HAMED (الحامد) (ar a dtugtar freisin Al-Hamid)	Inscne: fireann	Ceann Brainse 318 (Homs) den Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
139.	Maorghinearál Hussam LUQA (ar a dtugtar freisin Husam, Housam, Houssam; Louqa, Louca, Louka, Luka) (حسام لوقا)	Dáta breithe: 20.9.1960; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarCheann ar Choiste Slándála Réigiún an Deiscirt ó 2018 go dtí 2020 faoi iar-réimeas al Assad. IarCheann na Stiúrthóireachta um an tSlándáil Ghinearálta. Maorghinearál. Ó mhí Aibreáin 2012 go dtí an 2 Nollaig 2018, bhí sé ina cheann ar bhrainse Homs den Stiúrthóireacht um Shlándáil Pholaitiúil (tháinig i gcomharbas ar an mBriogadáire Ghinearál Nasr al-Ali). Ón 3 Nollaig 2018, ceann na Stiúrthóireachta um Shlándáil Pholaitiúil. Stiúrthóir ar an Roinn Faisnéise Ginearálta ó 2019 i leith. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
140.	Briogáidireghinearál TAHA (طه طه)	Inscne: fireann	Leas-chúntóir le Ceann na Rannóige Slándála Polaitiúla faoi iar-réimeas al-Assad. Bainisteoir láithreáin bhrainse Latakia den Stiúrthóireacht um Slándáil Pholaitiúil. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
141.	Bassel (باسـل) (ar a dtugtar freisin Basel) BILAL (بـلال)	Inscne: fireann	Oifigeach póilíneachta faoi iar-réimeas al-Assad i bpríosún lárnach Idlib; ghlac páirt dhíreach i ngníomhaíochtaí céastóireachta ar lucht freasúra arna gcoinneáil i bpríosún lárnach Idlib.	24.7.2012
142.	Ahmad (أحمد) (ar a dtugtar freisin Ahmed) KAFAN (كفـان)	Inscne: fireann	Oifigeach póilíneachta faoi iar-réimeas al-Assad i bpríosún lárnach Idlib; ghlac sé páirt dhíreach i ngníomhaíochtaí céastóireachta ar lucht freasúra arna gcoinneáil i bpríosún lárnach Idlib.	24.7.2012
143.	Bassam (بسـام) AL-MISRI (المصـري)	Inscne: fireann	Oifigeach póilíneachta faoi iar-réimeas al-Assad i bpríosún lárnach Idlib; ghlac sé páirt dhíreach i ngníomhaíochtaí céastóireachta ar lucht freasúra arna gcoinneáil i bpríosún lárnach Idlib.	24.7.2012
144.	Maorghinearál Ahmed AL-JARROUCHEH (ar a dtugtar freisin Ahmad; al-Jarousha, al-Jarousheh, al-Jaroucha, al-Jarouchah, al-Jaroucheh) (احمد الجروشة)	Dáta breithe: 1957; Inscne: fireann	Iar-Cheann bhrainse eachtrach na Seirbhíse um Fhaisnéis Ghinearálta (craobh 279) faoi iar-réimeas al-Assad. Dá réir sin, tá sé freagrach as socruithe maidir le Faisnéis Ghinearálta in ambasáidí na Siria.	24.7.2012
146.	Ginearál Ghassan Jaoudat ISMAIL (ar a dtugtar freisin Ismael) (غسان جودت اسماعيل)	Dáta breithe: 3.1.1959; Áit bhreithe: Junaynat Ruslan – Darkoush, réigiún Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	IarCheann Sheirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad. IarLeas-Stiúrthóir Sheirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria agus a bhí i ceannas ar bhrainse misean Sheirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria, a dhéanann bainistiú, i gcomhar le brainse na n-oibríochtaí speisialta, ar scoth-thrúpaí sheirbhís faisnéise an aerfhórsa, a mbíonn ról tábhachtach acu sa bhrú faoi chois arna dhéanamh ag iar-réimeas al-Assad. Mar sin, tá Ghassan Jaoudat Ismail ar cheann de na ceannairí míleata is mó a chuireann chun feidhme go díreach an cur faoi chois foréigneach atá á dhéanamh ag iar-réimeas al-Assad ar lucht freasúra chomh maith leis na cleachtais a bhaineann le fuadach sibhialtach.	24.7.2012
147.	Maorghinearál Amer AL-ACHI (ar a dtugtar freisin Amer Ibrahim al-Achi; Amis al Ashi; Ammar Aachi; Amer Ashi) (عامر ابراهيم العشي)	Inscne: fireann	IarGhobharnóir ar Ghobharnóireacht Sweida faoi iar-réimeas al-Assad, arna cheapadh ag iarUachtarán Bashar al-Assad i mí Iúil 2016. IarCheann ar bhrainse faisnéise Seirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria (2012-2016). Trína ról i Seirbhís Faisnéise an Aerfhórsa, bhí baint ag Amer al-Achi leis an gcur faoi chois a rinneadh ar fhreasúra na Siria.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
148.	An Ginearál Mohammed (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammad) Ali (علي) NASR (نصر) (nó: Mohammed Ali Naser)	Dáta breithe: 8.10.1964; Inscne: fireann	Mór le Maher al-Assad, deartháir óg an iarUachtaráin Bashar al-Assad. Chaith sé an chuid is mó dá ghairmréim sa Gharda Poblachtach. In 2010, chuaigh sé isteach i mbrainse inmheánach (Brainse 251) den Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta atá freagrach as an bhfreasúra polaitiúil a chomhrac. Mar cheann dá hoifigigh shinsearacha, tá baint dhíreach ag an nGinearál Mohammed Ali Nasr leis an gcur faoi chois ar lucht freasúra faoi iar-réimeas al-Assad.	24.7.2012
149.	An Ginearál Issam (عصام) HALLAQ (حلاق)	Inscne: fireann	LeasCheann Foirne ó 2010 faoi iar-réimeas al-Assad. É i gceannas ar oibríochtaí aeir i gcoinne lucht freasúra.	24.7.2012
150.	Ezzedine (عزالدين) ISMAEL (إسماعيل) (ar a dtugtar freisin Ismail)	Dáta breithe: lár na 1940idí (1947 is dócha); Áit bhreithe: Bastir, réigiún Jableh, an tSiria; Inscne: fireann	Ginearál ar scor, tréimhse fhada caite aige ina chomhalta d'fhoireann bainistíochta Sheirbhís Faisnéise an Aerfhórsa, agus é ina cheannaire uirthi go luath sna 2000idí. Ceapadh é ina chomhairleoir polaitiúil agus slándála d'iarUachtarán Bashar al-Assad in 2006. Mar chomhairleoir polaitiúil agus slándála don iarUachtarán, tá baint ag Ezzedine Ismael leis an gcur faoi chois polaitiúil atá á dhéanamh ag iar-réimeas al-Assad i gcoinne an fhreasúra.	24.7.2012
151.	Samir (سمير) (ar a dtugtar freisin Sameer) JOUMAA (جمعة) (ar a dtugtar freisin Jumaa, Jum'a, Joum'a) (ar a dtugtar freisin Abou Sami)	Dáta breithe: 8.3.1962; Inscne: fireann	Ar feadh beagnach 20 bliain, bhí sé ina cheann ar oifig Mohammad Nassif Kheir Bek, duine de phríomhchomhairleoirí slándála an iarUachtaráin Bashar al-Assad (agus bhí sé ina ionadaí oifigiúil don LeasUachtarán, Farouk al-Sharaa). I bhfianaise an gharchaidrimh a bhí ag Shamir Joumaa leis an iarUachtarán Bashar al-Assad agus Mohammed Nassif Kheir Bek, tá baint aige leis an gcur faoi chois a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bhfreasúra.	24.7.2012
152.	Dr Qadri (قدري) (ar a dtugtar freisin Kadri) JAMIL (جميل) (ar a dtugtar freisin Jameel)	Dáta breithe: 1952; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarLeas-Phríomh-Aire um Ghnóthaí Eacnamaíocha, iarAire Trádála Baile agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
155.	Dr. Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) Abdul-Sattar (عبد الستار) (ar a dtugtar freisin Abd al-Sattar) AL SAYED (السيد) (ar a dtugtar freisin Al Sayyed)	Dáta breithe: 23.12.1958; Áit bhreithe: Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	An tAire Dearlaicí Reiligiúnacha faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
156.	Hala Mohammad (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) AL NASSER (هاله محمد الناصر)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Raqqa, an tSiria; Inscne: baineann;	IarAire Turasóireachta faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cáil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
157.	Bassam (بسام) HANNA (حنا)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire um Acmhainní Uisce, i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
158.	Subhi (صبحي) Ahmad (احمد) AL ABDALLAH (العبدالله) (ar a dtugtar freisin al-Abdullah)	Dáta breithe: 17.8.1951; Inscne: fireann	IarAire Talmhaíochta agus Athchóirithe Talmhaíochta faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
159.	Dr. Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammed) Yahiya (يحيى) (ar a dtugtar freisin Yehya, Yahya, Yihya, Yihia, Yahia) MOALLA (معلا) (ar a dtugtar freisin Mu'la, Ma'la, Muala, Maala, Mala)	Dáta breithe: 1951; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Ardoideachais faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
160.	Dr. Hazwan (هزوان) AL WEZ (الوز) (ar a dtugtar freisin Al Wazz)	Dáta breithe: 7.3.1962; Inscne: fireann	IarAire Oideachais faoi iar-réimeas al-Assad, arna cheapadh i mí Iúil 2016. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
162.	Dr Mahmoud (محمود) Ibraheem (إبـــراهيم) (ar a dtugtar freisin Ibrahim) SA'IID (ســـعيد) (ar a dtugtar freisin Said, Sa'eed, Saeed)	Dáta breithe: 30.5.1953; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire um Acmhainní Uisce, i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
163.	Dr. Safwan (صفوان) AL ASSAF (العساف)	Dáta breithe: 13.3.1959; Inscne: fireann	IarAire Tithíochta agus Forbartha Uirbí faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
164.	Yasser (ياسر) (ar a dtugtar freisin Yaser) al SIBA'II (السباعي) (ar a dtugtar freisin al-Sibai, al-Siba'i, al Sibaei)	Dáta breithe: 26.3.1951; Inscne: fireann	IarAire Oibreacha Poiblí faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
165.	Sa'iid (سعيد) (ar a dtugtar freisin Sa'id, Sa'eed, Saeed) MA'THI (معـذى) (ar a dtugtar freisin Mu'zi, Mu'dhi, Ma'dhi, Ma'zi, Maazi) Hneidi (هنيدي)	Dáta breithe: 5.9.1954; Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianracha faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
166.	Dr Lubana (لبانـــة) (ar a dtugtar freisin Lubanah) MUSHAWEH (مشـوح) (ar a dtugtar freisin Mshaweh, Mshawweh, Mushawweh)	Dáta breithe: 1955; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: baineann	IarAire Cultúir, i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cáil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
167.	Dr Jassem Mohammad ZAKARIA (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed, Jasem)	Dáta breithe: 1968 Inscne: fireann	IarAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
169.	Dr. Adnan (عدنان) Abdo (عبدو) (ar a dtugtar freisin Abdou) AL SIKHNY (السخني) (ar a dtugtar freisin al-Sikhni, al-Sekhny, al-Sekhni)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
170.	Najm (نجم) (ar a dtugtar freisin Nejm) Hamad (حمد) AL AHMAD (الأحمد) (ar a dtugtar freisin al-Ahmed)	Inscne: fireann	IarAire Dlí agus Cirt, i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
171.	Dr. Abdul-Salam (عبدالسلام) AL NAYEF (النايف)	Dáta breithe: 1959 Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Sláinte, i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
172.	Ali HADAR (ar a dtugtar freisin HAIDAR)	Dáta breithe: 21.7.1962; Inscne: fireann	Ceann na Gníomhaireachta um Athmhuintearas Náisiúnta agus iarAire Stáit Athmhuintearais Náisiúnta faoi iar-réimeas al-Assad. Cathaoirleach ar an sciathán "Intifada" de Pháirtí Náisiúnach Sóisialach na Siria. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
173.	Dr Nazeera (نظيرة) (ar a dtugtar freisin Nazira, Nadheera, Nadhira) Farah (فرح) SARKEES (سركيس) (ar a dtugtar freisin Sarkis)	Dáta breithe: 1962; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: baineann	IarAire Stáit um Ghnóthaí Comhshaoil faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cáil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
175.	Najm-eddin (نجم الدين) (ar a dtugtar freisin Nejm-eddin, Nejm-eddeen, Najm-eddeen, Nejm-addin, Nejm-addeen, Najm-addeen, Najm-addin) KHREIT (خريط) (ar a dtugtar freisin Khrait)	Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
176.	Abdullah (عبدالله) (ar a dtugtar freisin Abdallah) Khaleel (خليل) (ar a dtugtar freisin Khalil) HUSSEIN (حسين) ar a dtugtar freisin Hussain)	Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
177.	Jamal (جمال) Sha'ban (شـــعبان) (ar a dtugtar freisin Shaaban) SHAHEEN (شـاهين)	Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
178.	Nizar Wahbeh YAZAJI (ar a dtugtar freisin Nizar Wehbe Yazigi) (نزار وهبه يازجي)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Sláinte faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
179.	Razan (رزان) OTHMAN (عثـمان)	Bean chéile Rami Makhlouf, iníon le Waleed (ar a dtugtar freisin Walid) Othman; Dáta breithe: 31.1.1977; Áit bhreithe: Gobharnóireacht Latakia, an tSiria; Uimhir Aitheantais: 06090034007 Inscne: baineann;	Tá dlúthchaidreamh pearsanta agus airgeadais ag Razan Othman le Rami Makhlouf, col ceathrar leis an iarUachtarán Bashar al-Assad, ar príomh-airgeadaí an réimis é agus atá ainmnithe ag an gComhairle. Tá sí bainteach mar sin le hiar-réimeas al-Assad, agus tairbhe á baint aici as, go háirithe trí infheistíochtaí in earnáil na réadmhaoine.	16.10.2012
181.	Suleiman AL ABBAS	Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianracha faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
182.	Kamal Eddin TU'MA	Dáta breithe: 1959; Inscne: fireann	IarAire Tionscail faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
183.	Kinda AL-SHAMMAT (ar a dtugtar freisin Shmat)	Dáta breithe: 1973; Inscne: baineann;	IarAire Gnóthaí Sóisialta faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cáil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
184.	Hassan HIJAZI	Dáta breithe: 1964; Inscne: fireann	IarAire Saothair faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
185.	Ismael ISMAEL (ar a dtugtar freisin Ismail Ismail; nó Isma'll Isma'il)	Dáta breithe: 1955; Inscne: fireann	IarAire Airgeadais faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
186.	Dr Khodr ORFALI (ar a dtugtar freisin Khud/Khudr; Urfali/Orphaly)	Dáta breithe: 1956; Inscne: fireann	IarAire Geilleagair agus Trádála Eachtraí faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
187.	Samir Izzat Qadi AMIN	Dáta breithe: 1966; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
188.	Bishr Riyad YAZIGI	Dáta breithe: 13.11.1972; Inscne: fireann	Comhairleoir don iarUachtarán Bashar al-Assad. IarAire Turasóireachta faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
189.	Dr Malek (مالك) ALI (علي) (ar a dtugtar freisin Malik Ali)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Ardoideachais faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
190.	Hussein ARNOUS (ar a dtugtar freisin Arnus) (حسين عرنوس)	Dáta breithe: 1.1.1953; Áit bhreithe: Idleb, an tSiria; Inscne: fireann	Príomh-Aire faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
191.	Dr Hassib Elias SHAMMAS (ar a dtugtar freisin Hasib)	Dáta breithe: 1957; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
192.	Hashim Anwar AL-AQQAD (ar a dtugtar freisin Hashem Aqqad, Hashem Akkad, Hashim Akkad)	Dáta breithe: 8.8.1961; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir Aitheantais Náisiúnta na Siria: 01020018085; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige in Anwar Akkad Sons Group (AASG) agus ina fhochuideachta United Oil, nó tá tionchar suntasach aige orthu. Is ilchuideachta é AASG a bhfuil leasanna aige in earnálacha ar nós na hearnálacha ola, gáis, ceimiceán, árachais, innealra tionsclaíoch, réadmhaoine, turasóireachta, taispeántas, conraitheoireachta, árachais agus trealaimh leighis. Is comhbhunaitheoir mórchomhlachta slándála é (ProGuard) freisin. Tá baint ag ProGuard le hiarracht al-Assad comhoibriú leis an Uachtarán Putin trí shaighdiúirí a earcú do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. D'oibrigh Hashim Anwar al-Aqqad freisin mar fheisire de Pharlaimint na Siria chomh déanach céanna le 2012. Ní bheadh rath ar Hashim Anwar al-Aqqad i gcónaí ceal cúnaimh ó iar-réimeas al-Assad. I bhfianaise fhairsinge a ghnó agus a nasc polaitiúil le hiar-réimeas al-Assad, tugann sé tacaíocht d'iar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as.	23.7.2014
193.	Suhayl (ar a dtugtar freisin Sohail, Suhail, Suheil) HASSAN (ar a dtugtar freisin Hasan, al-Hasan, al-Hassan) ar a dtugtar "The Tiger" (ar a dtugtar freisin al-Nimr)	Dáta breithe: 10.6.1970; Áit bhreithe: Jableh, Latakia Province, an tSiria; Céim: Maorghinearál; Seasamh: Ceannasaí Qawat al-Nimr (Rannán 25 Fórsaí Misean Speisialta, ar a dtugtaí roimhe seo "Tiger Forces"); Inscne: fireann	Oifigeach a bhí ina Mhaorghinearál in Arm na Siria faoi iar-réimeas al-Assad ó mhí na Bealtaine 2011. Ceannasaí rannáin airm ar a dtugtar "Tiger Forces". I mí Lúnasa 2019, athainmníodh "Tiger Forces" go "Rannán 25 Fórsaí Misean Speisialta" agus cuireadh faoi cheannas an airm iad. Freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois le foréigean.	23.7.2014
194.	Amr ARMANAZI (ar a dtugtar freisin Amr Muhammad Najib al-Armanazi, Amr Najib Armanazi, Amrou al-Armanazy)	Dáta breithe: 7.2.1944; Inscne: fireann	Ard-Stiúrthóir Scientific Studies Research Centre (SSRC) na Siria, atá freagrach as tacaíocht a chur ar fáil d'arm na Siria le linn réimeas al-Assad chun trealamh a fháil a úsáidtear chun faireachas agus cur faoi chois a dhéanamh ar léirsitheoirí. Tá sé freagrach freisin as airm neamhghnácha a fhorbairt agus a tháirgeadh, lena n-áirítear airm cheimiceacha, agus diúracáin chun iad a sheachadadh. Freagrach as cur faoi chois foréigneach a rinneadh ar an bpobal sibhialtach; tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad.	23.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
199.	Bayan BITAR (ar a dtugtar freisin Dr Bayan al-Bitar)	Dáta breithe: 8.3.1947; Seoladh: P.O. Box 11037, an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Stiúrthóir Bainistíochta Organisation for Technological Industries (OTI), agus na Cuideachta Siriaiche um Theicneolaíochta Faisnéise (Syrian Company for Information Technology (SCIT)), ar fochuideachtaí iad araon d'Aireacht Cosanta na Siria, atá ainmnithe ag an gComhairle. Cabhraíonn OTI le hairm cheimiceacha a tháirgeadh d'iar-réimeas al-Assad. Mar Stiúrthóir Bainistíochta OTI agus SCIT, tugann Bayan Bitar tacaíocht d'iar-réimeas al-Assad. De bharr an ról atá aige i dtáirgeadh arm ceimiceach, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinneadh ar mhuintir na Siria. I bhfianaise a phoist shinsearaigh sna heintitis sin, tá baint aige freisin leis na heintitis ainmnithe OTI agus SCIT.	7.3.2015
200.	Briogáidireghinearál Ghassan ABBAS	Dáta breithe: 10.3.1960; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Seoladh: CERS, Centre d'Etude et de Recherche Scientifique (ar a dtugtar freisin SSRC, Scientific Studies and Research Centre; Centre de Recherche de Kaboun Barzeh Street, P.O. Box 4470, an Damaisc, an tSiria) Inscne: fireann	Bainisteoir den bhrainse gar do Jumraya/Jmraiya de Scientific Studies Research Centre (SSRC/CERS) na Siria, ar eintiteas ainmnithe é. Bhí baint aige le leathadh arm ceimiceach agus le hionsaithe arm ceimiceach a eagrú, lena n-áirítear in Ghouta i mí Lúnasa 2013. Tá comhfhreagracht air, dá bhrí sin, as an gcur faoi chois foréigneach a rinneadh ar an bpobal sibhialtach sa tSiria. Mar bhainisteoir den bhrainse SSRC/CERS gar do Jumraya/Jmraiya, tugann Gassan Abbas tacaíocht d'iar-réimeas al-Assad. I ngeall ar a phost sinsearach in SSCR, tá baint aige freisin leis an eintiteas ainmnithe SSRC.	7.3.2015
202.	Hassan SAFIYEH (ar a dtugtar freisin Hassan Safiye)	Dáta breithe: 1949; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh 27.8.2014). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
203.	George HASWANI (ar a dtugtar freisin Heswani; Hasawani; Al Hasawani)	Seoladh: Damascus Province, Yabroud, Al Jalaa St, an tSiria; Faisnéis eile: Tá Hesco Engineering and Construction Company Ltd cláraithe ag an seoladh céanna i Londain leis an ngnóthas Briotanach, Savero Ltd.; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil ceangal aige le hiar-réimeas al-Assad, agus a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnálacha na hinnealtóireachta, na tógála, na hola agus an gháis. Tá leasanna aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria agus/nó tá tionchar suntasach aige orthu, go sonrach ESCO Engineering and Construction Company, cuideachta mhór innealtóireachta agus tógála.	7.3.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
204.	Emad HAMSHO (ar a dtugtar freisin Imad Hmisho; Hamchu; Hamcho; Hamisho; Hmeisho; Hemasho, حميشو) (حمشو عماد)	Dáta breithe: 10.8. 1960; Seoladh: Hamsho Building 31 Baghdad Street, an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Tá post bainistíochta sinsearaí aige in Hamsho Trading. I ngeall ar an bpost sinsearach atá aige in Hamsho Trading, fochuideachta de Hamsho International, atá ainmnithe ag an gComhairle, tugann sé tacaíocht d'iar-réimeas al-Assad agus tá sé bainteach leis an eintiteas sin. Tá sé ina leas-uachtarán freisin ar Chomhairle Iarainn agus Cruach na Siria in éineacht le fir ghnó ainmnithe a bhfuil ceangal acu leis an réimeas ar nós Ayman Jabir. I measc shócmhainní Hamsho tá Syrian Metal Industries, gléasra cruach suite lasmuigh den Damaisc, ar sholáthair Hamsho drámh-mhiotal dó a ghoid mílístí atá ar thaobh an rialtais le linn thréimhse an chogaidh. Is comhlach de chuid an iarUachtaráin Bashar al-Assad é freisin.	7.3.2015
206.	Maorghinearál Muhamad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad) MAHALLA (محلا) (ar a dtugtar freisin Mahla, Mualla, Maalla, Muhalla)	Dáta breithe: 4.6.1959; Áit bhreithe: Jablah, an tSiria; Inscne: fireann	Comhalta d'Fhórsaí Armtha na Siria atá ina Mhaorghinearál faoi iar-réimeas al-Assad sa phost ó mhí na Bealtaine 2011. Iarcheann ar Sheirbhís Faisnéise na Siria, Brainse 293 (Gnóthaí Inmheánacha), ó mhí Aibreáin 2015 i leith. Tá sé freagrach as brú faoi chois agus as foréigean i gcoinne an phobail sibhialtaigh sa Damaisc agus an ceantar máguaird. IarLeas-Cheann Slándála Polaitiúla (2012), Oifigeach i nGarda Poblachtach na Siria agus Leas-Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Slándála Polaitiúla. IarCheann na bPóilíní Míleata, Comhalta den Bhiúró Slándála Náisiúnta.	29.5.2015
207.	Adib SALAMEH (ar a dtugtar freisin Adib Salamah; Adib Salama; Adib Salame; Mohammed Adib Salameh; Adib Nimr Salameh) (أديب نمر سلامة)	Post: Maorghinearál, Leas-Stiúrthóir Stiúrthóireacht Faisnéise an Aerfhórsa sa Damaisc; Dáta breithe: 26.11.1953; Inscne: fireann	Comhalta de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria faoi iar-réimeas al-Assad sa phost ó mhí na Bealtaine 2011; Leas-Stiúrthóir ar Stiúrthóireacht Faisnéise an Aerfhórsa sa Damaisc; Ceann Stiúrthóireacht Faisnéise an Aerfhórsa in Aleppo roimhe seo. Comhalta d'Fhórsaí Armtha na Siria agus é ina Choirnéal, nó grád coibhéiseach nó níos airde aige, agus é sa phost sin ó mhí na Bealtaine 2011; tá sé ina Mhaorghinearál. Freagrach as pobal sibhialtach na Siria a chur faoi chois le foréigean, trí ionsaithe míleata in Aleppo a phleanáil agus trí pháirt a ghlacadh iontu agus údarás aige maidir le sibhialtaigh a ghabháil agus a choinneáil.	28.10.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
208.	Adnan Aboud HILWEH (ar a dtugtar freisin Adnan Aboud Helweh; Adnan Aboud) (عدنان عبود حلوة)	Post: Briogáidireghinearál; Inscne: fireann	Ina Bhriogáidireghinearál ar Bhriogáid 155 agus ar Bhriogáid 157 d'Arm na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, sa phost ó mhí na Bealtaine 2011. Mar Bhriogáidireghinearál ar Bhriogáid 155 agus ar Bhriogáid 157, tá sé freagrach as pobal sibhialtach na Siria a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear tríd an bhfreagracht atá air as diúracáin agus airm cheimiceacha a úsáid i limistéir sibhialtach in 2013 agus trí pháirt a ghlacadh i gcoinneáil mhórscála.	28.10.2016
209.	Jawdat Salbi MAWAS (ar a dtugtar freisin Jawdat Salibi Mawwas; Jawdat Salibi Mawwaz) (جودت صلبي مواس)	Post: Maorghinearál; Dáta breithe: 4.6.1954; Inscne: fireann	Ina Mhaorghinearál, oifigeach sinsearach i Stiúrthóireacht um Airtléire agus um Dhiúracáin na Siria de chuid Fhórsaí Armtha na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, sa phost ó mhí na Bealtaine 2011. Mar oifigeach sinsearach den Stiúrthóireacht um Airtléire agus um Dhiúracáin na Siria, tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear diúracáin agus airm cheimiceacha a bheith á n-úsáid ag Briogáidí faoina cheannas i limistéir sibhialtach a raibh daonra mór iontu in Ghouta in 2013.	28.10.2016
210.	Tahir (طاهر) Hamid (حامد) KHALIL (خليل) (ar a dtugtar freisin Tahir Hamid Khali; Khalil Tahir Hamid)	Post: Maorghinearál; Dáta breithe: 3.7.1955; Inscne: fireann	Ina Mhaorghinearál, agus ina Cheann ar Stiúrthóireacht um Airtléire agus um Dhiúracáin na Siria de chuid Fhórsaí Armtha na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, sa phost ó mhí na Bealtaine 2011. Mar oifigeach sinsearach de Stiúrthóireacht um Airtléire agus um Dhiúracáin na Siria, tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear úsáid diúracán agus arm ceimiceach ag Briogáidí faoina cheannas i limistéir sibhialtach a raibh daonra mór iontu in Ghouta in 2013.	28.10.2016
211.	Hilal HILAL (ar a dtugtar freisin Hilal al-Hilal) (هلال هلال)	Dáta breithe: 30.6.1966; Inscne: fireann	Comhalta de mhílístí réimeas-chleamhnaithe ar a dtugtar "Kataeb al-Baath" (mílíste an Pháirtí Baath). LeasChathaoirleach an Pháirtí Baath. Tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad tríd an ról atá aige in earcú agus eagrú mhílíste an Pháirtí Baath.	28.10.2016
213.	Bishr AL-SABBAN (ar a dtugtar freisin Mohammed Bishr al-Sabban; Bishr Mazin al-Sabban)	Dáta breithe: 18.3.1966; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarGhobharnóir na Damaisce, a cheap an t-iarUachtarán Bashar al-Assad agus a bhfuil baint aige leis. Tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois le foréigean, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i gcleachtais idirdhealaitheacha i gcoinne phobail Sunni laistigh den phríomhchathair.	28.10.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
214.	Ahmad Sheik ABDUL-QADER (ar a dtugtar freisin Ahmad Sheikh Abdul Qadir; Ahmad al-Sheik Abdulquader) (أحمد الشيخ عبد القادر)	Inscne: fireann	IarGhobharnóir Quneitra, a bhfuil baint aige leis an iarUachtarán Bashar al-Assad a cheap sa phost é. Gobharnóir Latakia roimhe seo. Tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as, lena n-áirítear trí thacaíocht phoiblí a thabhairt d'Fhórsaí Armtha na Siria agus don mhílíste atá ar son an réimis.	28.10.2016
215.	Dr Ghassan Omar KHALAF (غسان عمر خلف)	Inscne: fireann	IarGhobharnóir Hama, a cheap an t-iarUachtarán Bashar al-Assad agus a bhfuil baint aige leis. Tacaíonn sé freisin le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as. Tá dlúthbhaint ag Ghassan Omar Khalaf le comhaltaí de mhílíste atá cleamhnaithe leis an réimeas in Hama, ar a dtugtar Briogáid Hama.	28.10.2016
216.	Khayr al-Din AL-SAYYED (ar a dtugtar freisin Khayr al-Din Abdul-Sattar al-Sayyed; Mohamed Khair al-Sayyed; Kheredden al-Sayyed; Khairuddin al-Sayyed; Khaireddin al-Sayyed; Kheir Eddin al-Sayyed; Kheir Eddib Asayed) (خير الدين السيد)	Inscne: fireann	IarGhobharnóir Idlib, a bhfuil baint aige leis an iarUachtarán Bashar al-Assad a cheap sa phost é. Tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as, lena n-áirítear trí thacaíocht a chur ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Siria agus don mhílíste atá ar son an réimis. Bainteach le hAire Awqaf iar-réimeas al-Assad, an Dr Mohammad Abdul-Sattar al-Sayyad, arb é a dheartháir é.	28.10.2016
217.	Atef NADDAF (عاطف نـداف)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Dúiche na Damaisce, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
218.	Hussein MAKHLOUF (ar a dtugtar freisin Makhluf) (حسين مخلوف)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	Aire Acmhainní Uisce faoi iar-réimeas al-Assad ó mhí na Nollag 2023. IarAire Riaracháin Áitiúil agus Comhshaoil. IarGhobharnóir Ghobharnóireacht na Damaisce. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach. Col ceathrar le Rami Makhlouf.	14.11.2016

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
219.	Ali AL-ZAFIR (علـى الظفـــير)	Dáta breithe: 15.5.1962; Áit bhreithe: Tartous, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Cumarsáide agus Teicneolaíochta faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
220.	Ali GHANEM (علـى غـانم)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Peitriliam agus Acmhainní Mianracha faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
221.	Mohammed (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammad) Ramez TOURJMAN (ar a dtugtar freisin Tourjuman) (محمد رامز ترجمان)	Dáta breithe: 19.4.1966; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Faisnéise faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
222.	Mohammed (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammad) AL-AHMED (ar a dtugtar freisin al-Ahmad) (محمد الأحمد)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Cultúir faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
223.	Ali HAMOUD (ar a dtugtar freisin Hammoud) (علـى حمـود)	Dáta breithe: 15.9.1964; Áit bhreithe: Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Iompair faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
224.	Mohammed Zuhair (ar a dtugtar freisin Zahir) KHARBOUTLI (محمد زهير خـــربوطلي)	Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Leictreachais faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
225.	Maamoun (ar a dtugtar freisin Ma'moun) HAMDAN (مأمون حمدان)	Dáta breithe: 27.7.1958; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Airgeadais faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
226.	Nabil AL-HASAN (ar a dtugtar freisin al-Hassan) (نبيل الحسن)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Acmhainní Uisce faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Iúil 2016 a ceapadh é. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
228.	Abdullah AL-GHARBI (ar a dtugtar freisin al-Qirbi) (عبدالله الغربي)	Dáta breithe: 1962; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Iúil 2016 a ceapadh é. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
229.	Abdullah ABDULLAH (عبدالله عبدالله)	Dáta breithe: 1956; Inscne: fireann	Aire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
230.	Salwa ABDULLAH (سلوى عبدالله)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Ouneitra, an tSiria; Inscne: baineann	IarAire Gnóthaí Sóisialta agus Saothair faoi iar-réimeas al-Assad. IarAire Stáit. Ina cáil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
231.	Rafe'a Abu SA'AD (ar a dtugtar freisin Saad) (رافع أبو سعد)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Habran (cúige Sweida), an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
232.	Wafiqa HOSNI (وفيقة حسني)	Dáta breithe: 1952; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: baineann	Aire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Iúil 2016 a ceapadh í. Ina cáil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
233.	Rima AL-QADIRI (ar a dtugtar freisin al-Kadiri) (ريما القادري)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: baineann	An tAire Gnóthaí Sóisialta faoi iar-réimeas al-Assad (ó mhí Lúnasa 2015). Ina cáil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	14.11.2016
234.	Duraid DURGHAM	Dáta breithe: 27.12.1964; Inscne: fireann	IarGhobharnóir Bhanc Ceannais na Siria. Is é a bhí freagrach as tacaíocht eacnamaíoch agus airgeadais a chur ar fáil d'iar-réimeas al-Assad ina cháil mar Ghobharnóir Bhanc Ceannais na Siria, a liostaítear freisin.	14.11.2016
235.	Ahmad BALLUL (ar a dtugtar freisin Ahmad Muhammad Ballul; Ahmed Balol) (احمد بلول)	Dáta breithe: 10.10.1954; Grád: Maorghinearál; Ceannasaí Aerfhórsa Arabach na Siria agus Fhórsaí Aerchosanta na Siria; Inscne: fireann	Ina Mhaorghinearál, oifigeach sinsearach agus Ceannasaí ar Aerfhórsa Arabach na Siria agus ar Fhórsaí Aerchosanta na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Gníomhach in earnáil leata na n-arm ceimiceach agus, ina cháil mar oifigeach sinsearach in Aerfhórsa Arabach na Siria, is é atá freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois go foréigneach, lena n-áirítear ionsaithe arm ceimiceach a bheith á n-úsáid ag iar-réimeas al-Assad mar a sainaithníodh sa tuarascáil ón Sásra Imscrúdaitheach Comhpháirteach.	21.3.2017
236.	Saji' DARWISH (ar a dtugtar freisin Saji Jamil Darwish; Sajee Darwish; Sjaa Darwis) (ساجي داروبش)	Dáta breithe: 11.1.1957; Grád: Maorghinearál, Aerfhórsa Arabach na Siria; Inscne: fireann	Ina Mhaorghinearál, oifigeach sinsearach agus Ceannasaí an 20ú Roinn d'Aerfhórsa Arabach na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Tá sé gníomhach in earnáil leata na n-arm ceimiceach agus freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach. Ina cháil mar oifigeach sinsearach in Aerfhórsa Arabach na Siria agus mar Cheannasaí ar an 22ú Rannán go dtí mí Aibreáin 2017, is é atá freagrach as airm cheimiceacha a bheith á n-úsáid ag aerárthaí de chuid aerbhunáiteanna atá faoi smacht an 22ú Rannán, lena n-áirítear an t-ionsaí a rinne héileacaptair de chuid aerpháirc Hama ar Talmens mar a thuairiscigh an Sásra Imscrúdaitheach Comhpháirteach.	21.3.2017

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
237.	Muhammed IBRAHIM (محمد إبراهيم)	Dáta breithe: 5.8.1964; Grád: Briogáidireghinearál; LeasCheannasaí ar an 63ú Briogáid d'Aerfhórsa Arabach na Siria ag aerpháirc Hama; Inscne: fireann	Ina Bhriogáidireghinearál, oifigeach sinsearach agus LeasCheannasaí ar an 63ú Briogáid d'Aerfhórsa Arabach na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Gníomhach in earnáil leata na n-arm ceimiceach agus, ina cháil mar oifigeach sinsearach d'Aerfhórsa Arabach na Siria le linn na tréimhse a d'imscrúdaigh an Sásra Imscrúdaitheach Comhpháirteach agus mar LeasCheannasaí ar an 63ú Briogáid ó mhí an Mhárta go mí na Nollag 2015, tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois nuair a d'úsáid an 63ú Rannán airm cheimiceacha in Talmenes (21.4.2014), Qmenas (16.3.2015) agus Sarmin (16.3.2015).	21.3.2017
238.	Badi' MU'ALLA(بديع المعلا)	Dáta breithe: 5.4.1961; Áit bhreithe: Bistuwir, Jablah, an tSiria; Grád: Briogáidireghinearál; Ceannasaí 63ú Briogáid d'Aerfhórsa Arabach na Siria; Inscne: fireann	Ina Bhriogáidireghinearál, oifigeach sinsearach agus Ceannasaí an 63ú Briogáid d'Aerfhórsa Arabach na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Ta sé gníomhach in earnáil leata na n-arm ceimiceach agus, ina cháil mar Cheannasaí ar an 63ú Briogáid le linn na tréimhse a d'imscrúdaigh an Sásra Imscrúdaitheach Comhpháirteach, tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean nuair a d'úsáid an 63ú Briogáid airm cheimiceacha in Talmenes (21.4.2014), Qmenas (16.3.2015) agus Sarmin (16.3.2015).	21.3.2017
239.	Hisham Mohammad Mamdouh AL-SHA'AR (هشام محمد ممدوح الشعار)	Dáta breithe: 1958; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Dlí agus Cirt faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	30.5.2017
240.	Mohammad Samer Abdelrahman AL-KHALIL	Dáta breithe: 31.12.1977; Inscne: fireann	An tAire Geilleagair agus Trádála Eachtraí faoi iar-réimeas al-Assad. I mí an Mhárta 2017 a ceapadh é.	30.5.2017
241.	Salam Mohammad AL-SAFFAF	Dáta breithe: 1979; Inscne: baineann	Aire Forbartha Riaracháin faoi iar-réimeas al-Assad. I mí an Mhárta 2017 a ceapadh í.	30.5.2017

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
242.	Samir DABUL (ar a dtugtar freisin: Samir Daaboul)	Dáta breithe: 4.9.1965; Grád: Briogáidireghinearál; Inscne: fireann	Ina Bhriogáidireghinearál faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar oifigeach sinsearach míleata, tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach sa tSiria, agus tá baint aige le hairm cheimiceacha a stóráil agus a úsáid. Tá baint aige freisin le Lárionad Staidéar agus Taighde Eolaíoch na Siria (SSRC), eintiteas liostaithe.	18.7.2017
243.	Ali WANUS (ar a dtugtar freisin: Ali Wannous) (علي وانوس)	Dáta breithe: 5.2.1964; Grád: Maorghinearál; Inscne: fireann	Ina Mhaorghinearál faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar oifigeach sinsearach míleata, tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach, agus tá baint aige le hairm cheimiceacha a stóráil agus a úsáid. Tá baint aige freisin le Scientific Studies Research Centre (SSRC) na Siria, eintiteas liostaithe.	18.7.2017
244.	Yasin Ahmad DAHI (ar a dtugtar freisin Yasin Dahi; Yasin Dhahi) (ضاحي ياسين)	Dáta breithe: 1960; Grád: Briogáidireghinearál; Inscne: fireann	Ina Bhriogáidireghinearál i bhFórsaí Armtha na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, sa phost ó mhí na Bealtaine 2011. Oifigeach sinsearach i Stiúrthóireacht Faisnéise Míleata Fhórsaí Armtha na Siria. Iarcheannaire ar Bhrainse 235 na Faisnéise Míleata sa Damaisc agus ar Fhaisnéis Mhíleata in Homs. Ina cháil mar oifigeach sinsearach míleata, tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach.	18.7.2017
245.	Muhammad Yousef HASOURI (ar a dtugtar freisin Mohammad Yousef Hasouri; Mohammed Yousef Hasouri) (محمد يوسف حاصوري)	Grád: Briogáidireghinearál; Inscne: fireann	Tá an Briogáidireghinearál Muhammad Hasouri ina oifigeach sinsearach d'Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Bhí sé ina Cheann Foirne ar Bhriogáid 50 d'Aerfhórsa na Siria agus ina Leas-Cheannasaí ar aerbhunáit Shayrat. Oibríonn an Briogáidireghinearál Muhammad Hasouri in earnáil leata arm ceimiceach agus bhí baint aige leis an sléacht ceimiceach in "Khan Sheikhoun" an 4 Aibreán 2017. Ina cháil mar oifigeach sinsearach míleata, tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach.	18.7.2017

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
246.	Malik HASAN (ar a dtugtar freisin: Malek Hassan) (مالك حسن)	Grád: Maorghinearál; Dáta breithe: 1.1.1959; Inscne: fireann	Ina Mhaorghinearál, oifigeach sinsearach agus Ceannasaí an 22ú Rannán d'Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar oifigeach sinsearach in Aerfhórsa na Siria agus i slabhra ceannais an 22ú Rannán, tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach, lena n-áirítear airm cheimiceacha a bheith á n-úsáid ag aerárthaí de chuid aerbhunáiteanna atá faoi smacht an 22ú Rannán, ar nós an ionsaí a rinne héileacaptair de chuid aerbhunáit Hama ar Talmens mar a thuairisc an Sásra Imscrúdaitheach Comhpháirteach a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe.	18.7.2017
247.	Jayyiz Rayyan AL-MUSA (ar a dtugtar freisin Jaez Sawada al-Hammoud al-Mousa; Jayez al-Hammoud al-Moussa) (جايز ريان الموسى)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Hama, an tSiria; Céim: Maorghinearál; Inscne: fireann	IarGhobharnóir Hasaka, arna cheapadh ag Uachtarán Bashar al-Assad; tá baint aige leis an iarUachtarán Bashar al-Assad. Ina Mhaorghinearál, oifigeach sinsearach agus iarCheannasaí Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar oifigeach sinsearach in Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach sa tSiria, lena n-áirítear airm cheimiceacha a bheith á n-úsáid ag iar-réimeas al-Assad le linn dó a bheith ina Cheann Foirne ar Aerfhórsa na Siria, mar a thuairisc an Sásra Imscrúdaitheach Comhpháirteach a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe.	18.7.2017
248.	Mayzar 'Abdu SAWAN (ar a dtugtar freisin Meezar Sawan) (ميزار عبد الصوان)	Dáta breithe: 1954; Céim: Maorghinearál; Inscne: fireann	Ina Mhaorghinearál, oifigeach sinsearach agus Ceannasaí an 20ú Roinn d'Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar oifigeach sinsearach in Aerfhórsa na Siria, is é atá freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach, lena n-áirítear na hionsaithe a rinne héileacaptair de chuid aerbhunáit a bhí faoi smacht an 20ú rannán ar limistéir sibhialtach.	18.7.2017
258.	Mohamed Mazen Ali YOUSEF (محمد مازن علي يوسف)	Dáta breithe: 17.5.1969; Áit bhreithe: Dúiche na Damaisce, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Eanáir 2018 a ceapadh é. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	26.2.2018

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
259.	Imad Abdullah SARA (عماد عبدالله صارة)	Dáta breithe: 1968; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Faisnéise faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Eanáir 2018 a ceapadh é. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	26.2.2018
260.	Yusuf AJEEB (ar a dtugtar freisin يوسف عجيب; Yousef; Ajib)	Post: Briogáidireghinearál; Dochtúir; Ceann na hOifige Slándála, Scientific Studies Research Centre (SSRC) na Siria; Seoladh: Scientific Studies and Research Centre (SSRC), Barzeh Street, P.O. Box 4470, an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Ina Bhriogáidireghinearál, oifigeach sinsearach i bhFórsaí Armtha na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011. Ó 2012 i leith, ina Cheann Slándála Scientific Studies Research Centre (SSRC) na Siria, atá páirteach in earnáil leata na n-arm ceimiceach. I ngeall ar an bpost sinsearach atá aige mar Cheann Slándála ar SSCR, tá baint aige leis an eintiteas ainmnithe SSRC.	19.3.2018
264.	Houmam JAZA'IRI (ar a dtugtar freisin Humam al-Jazaeri, Hammam al-Jazairi)	Dáta breithe: 1977; Inscne: fireann	IarAire Geilleagair agus Trádála Eachtraí faoi iar-réimeas al-Assad a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011, ina chomhalta ina dhiaidh sin (go dtí mí na Bealtaine 2019) de Syriatel, atá ainmnithe ag an gComhairle. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinneadh ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
265.	Mohamad Amer MARDINI (ar a dtugtar freisin Mohammad Amer Mardini, Mohamed Amer MARDINI, Mohamad Amer AL-MARDINI, Mohamed Amer AL-MARDINI, Mohammad Amer AL-MARDINI)	Dáta breithe: 1959; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Ardoideachais faoi iar-réimeas al-Assad, i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh 27.8.2014). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
266.	Mohamad Ghazi JALALI (ar a dtugtar freisin Mohammad Ghazi al-Jalali)	Dáta breithe: 1969; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Cumarsáide agus Teicneolaíochta faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh 27.8.2014). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
267.	Issam KHALIL	Dáta breithe: 1965; Áit bhreithe: Banias, Gobharnóireacht Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Cultúrtha faoi iar-réimeas al-Assad, ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh 27.8.2014). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
268.	Ghassan Ahmed GHANNAM (ar a dtugtar freisin an Maorghinearál Ghassan Ghannan, an Briogáidireghinearál Ghassan Ahmad Ghanem)	Dáta breithe: 2.2.1957; Céim: Maorghinearál; Post: Ceannasaí an 155ú Briogáid Diúracán; Inscne: fireann	Comhalta d'Fhórsaí Armtha na Siria agus é mar Choirnéal, nó rang coibhéiseach nó níos airde aige, faoi iar-réimeas al-Assad ó mhí na Bealtaine 2011. Maorghinearál agus Ceannasaí an 155ú Briogáid Diúracán. Tá baint aige, i ngeall ar an ról a bhí aige sa 155ú Briogáid Diúracán, le Maher al-Assad. Ina cháil mar Cheannasaí ar an 155ú Briogáid Diúracán, tá sé ag tacú le hiar-réimeas al-Assad agus freagrach as an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach. Bhí sé freagrach as diúracáin scud a scaoileadh le láithreacha sibhialtacha éagsúla idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2013.	21.10.2014
269.	Abdelhamid Khamis ABDULLAH (ar a dtugtar freisin Abdulhamid Khamis Abdullah; Hamid Khamis; Abdelhamid Khamis Ahmad Adballa)	Inscne: fireann	Cathaoirleach ar an Overseas Petroleum Trading Company (OPT) atá liostaithe ag an gComhairle mar go bhfaigheann sé tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus go dtugann sé tacaíocht dó. Is é a chomhordaigh lastais ola chuig iar-réimeas al-Assad trí chuideachta ola stáit na Siria, Sytrol, cuideachta atá liostaithe. Dá bhrí sin, tá tacaíocht á tabhairt aige d'iar-réimeas al-Assad agus tairbhe á baint aige as. Ó tharla gurb é is sinsearaí san eintiteas, is é atá freagrach as gníomhaíochtaí an eintitis.	21.10.2014
271.	Khaled AL-ZUBAIDI (ar a dtugtar freisin (Mohammed) Khaled/Khalid (Bassam) (al-) Zubaidi/Zubedi (خالد الزبيدي)	Náisiúntacht: Siriach; Post: Comhúinéir Zubaidi and Qalei LLC; Stiúrthóir Agar Investment Company; Bainisteoir Ginearálta na cuideachta Al Zubaidi agus Al Zubaidi & Al Taweet Contracting Company; Stiúrthóir agus Úinéir Zubaidi Development Company; comhúinéir Enjaz Investment Company; Dáta breithe: 10.4.1976; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria faoi iar-réimeas al-Assad, a bhfuil infheistíochtaí suntasacha aige sa tionscal tógála, lena n-áirítear 50 % in Zubaidi and Qalei LLC, atá ag tógáil na só-chathrach turasóireachta Grand Town agus ar dheonaigh iar-réimeas al-Assad comhaontú 45 bliana dó mar mhalairt ar 19-21 % dá ioncam. Tacaíonn Khaled al-Zubaidi le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as trína ghníomhaíochtaí gnó, go háirithe tríd an leas sin san fhorbraíocht Grand Town. Shínigh Khaled al-Zubaidi urraíocht (dar luach 350 000 USD) le club peile sa tSiria "Wihda FC" trí cheann dá chuideachtaí "Hijaz Company". Comhalta de Chónaidhm Chomhlachais Turasóireachta na Siria ó 2019 i leith. Uachtarán ar Chomhairle Gnó na Siria-na hAilgéire.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
275.	Maorghinearál Mohammad Khaled AL-RAHMOUN	Dáta breithe: 1.4.1957; Áit bhreithe: Idleb, an tSiria; Inscne: fireann	Aire Gnóthaí Baile faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí na Samhna 2018 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019
276.	Mohammad Rami Radwan MARTINI	Dáta breithe: 31.8.1970; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	Aire Turasóireachta faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí na Samhna 2018 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019
277.	Imad Muwaffaq AL-AZAB (عماد موفق العزب)	Dáta breithe: 1970; Áit bhreithe: Dúiche na Damaisce, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Oideachais faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019
278.	Bassam Bashir IBRAHIM	Dáta breithe: 1960; Áit bhreithe: Hama, an tSiria; Inscne: fireann	Aire Ardoideachais faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí na Samhna 2018 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019
279.	Suhail Mohammad ABDULLATIF	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	Aire Oibreacha Poiblí agus Tithíochta faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí na Samhna 2018 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
280.	Iyad Mohammad AL-KHATIB	Dáta breithe: 1974; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Aire Cumarsáide agus Teicneolaíochta faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí na Samhna 2018 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	4.3.2019
282.	Anas TALAS (ar a dtugtar freisin طلس أنس; Anas Talous/Tals/Tuls/Tlass)	Dáta breithe: 25.3.1975; Náisiúntacht: Siriach; Post: Cathaoirleach Talas Group; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tacaíonn Anas Talas le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as trína chuid gníomhaíochtaí gnó agus infheistíochtaí. In 2018, faoi chathaoirleacht Anas Talas, ghlac an Talas Group páirt i gcomhfhiontar dar luach 23 bhilliún de phunt Siriach (SYP) le Damascus Cham Holding chun Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála a fhaigheann tacaíocht ó iar-réimeas al-Assad, a thógáil.	21.1.2019
283.	Mohammed Nazer JAMAL EDDIN (ar a dtugtar freisin Nazir Ahmad, Mohammed Jamal Eddine; Jamal Aldiyn) (محمد ناذر جمال الدين)	Dáta breithe: 2.1.1962; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Uimhir an phas: N 011612445, eagrán uimh. 002-17-L022286 (áit eisiúna: Poblacht Arabach na Siria); Uimhir aitheantais: 010-30208342 (áit eisiúna: Poblacht Arabach na Siria); Post: Comhbhunaitheoir agus scairshealbhóir tromlaigh Apex Development and Projects LLC agus bunaitheoir A'ayan Company for Projects and Equipment; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad agus mórinfheistíochtaí aige sa tionscal tógála, lena n-áirítear bun urlámhais 90 % in Apex Development and Projects LLC, cuideachta atá tar éis páirt a ghlacadh i gcomhfhiontar USD 34,8 milliún chun Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála a thógáil, le tacaíocht ó iar-réimeas al-Assad. Trína rannpháirtíocht i bhforbraíocht Marota City, tacaíonn Mohammed Nazer Jamal Eddin le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as. I mí na Bealtaine 2019, chruthaigh Jamal Eddin "Trillium Private JSC", cuideachta ar fiú SYP 15 mhilliún í a bhfuil baint aici le trádáil ábhar tógála agus táirgí leictreacha.	21.1.2019

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
284.	Mazin AL-TARAZI (ar a dtugtar freisinمازن الترزي; Mazen al-Tarazi) (مازن الترزي)	Dáta breithe: 1.9.1962; Náisiúntacht: Siriach; Post: Duine gnó; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad, agus a bhfuil infheistíochtaí móra aige sna hearnálacha tógála agus eitlíochta. Trína chuid infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí gnó, baineann Mazin al-Tarazi tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus/nó tacaíonn sé leis. Go háirithe, tá margadh tugtha i gcrích ag Mazin al-Tarazi le Damascus Cham Holding le haghaidh infheistíocht USD 320 milliún i dtógáil Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála a fhaigheann tacaíocht ó iar-réimeas al-Assad. Deonaíodh ceadúnas dó freisin le haghaidh aerlíne phríobháideach sa tSiria. I Meán Fómhair 2019, chruthaigh sé “al-Dana Group Investments LLC”, cuideachta ar fiú 25 mhilliún de phunt Siriach (SYP) í, a bhfuil baint aici le honnmhairiú-allmhairiú agus le hinfheistíocht in áiseanna turasóireachta agus i gcoimpléisc tráchtála. Is comhalta é Mazin al-Tarazi de Chomhairle Gnó na Siria-na hIaráine (SIBC) agus d’fhóin sé mar idirghabhálaí do réimeas na hIaráine chun réadmhaoin a cheannach sa tSiria.	21.1.2019
285.	Samer FOZ (ar a dtugtar freisin Samir Foz/Fawz; Samer Zuhair Foz; Samer Foz bin Zuhair) (سامر فوز)	Dáta breithe: 20.5.1973; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Náisiúntachtaí: Siriach, Turcach; Uimhir an phas Turcacigh: U 09471711 (áit eisiúna an Tuirc; dáta éaga: 21.7.2024; Uimhir náisiúnta na Siria: 06010274705; Seoladh: Seoladh: Platinum Tower, office No 2405, Jumeirah Lake Towers, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad, a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Soláthraíonn Samer Foz tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile d’iar-réimeas al-Assad, lena n-áirítear Fórsaí Scéithe na Slándála Míleata sa tSiria a chistiú agus margaí gráin a shocrú. Ina theannta sin, baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála trí thrádáil na cruithneachta agus tionscadail atógála mar thoradh ar na naisc atá aige leis an iar-réimeas. D’oscail Samer Foz monarcha scagtha siúcra (“Samer Foz Factory”) in 2021 mar thaca le cuspóir iar-réimeas al-Assad an táirgeadh siúcra a mhéadú ar fud na tíre.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
287.	Hussam AL-QATIRJI ar a dtugtar freisin Hussam/Hossam Ahmed/ Mohammed/Muhammad al-Katerji) (حسام القطرجي)	Dáta breithe: 1.1.1982; Áit bhreithe: Raqqa, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Post: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Katerji Group (ar a dtugtar freisin Al Qatarji, Al Qatarji Company/Qatirji Company/ Khatirji Group/Katerji International Group); Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad agus é ina fheisire de Pharlaimint na Siria freisin. Tacaíonn Al Qatarji le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as freisin trí margaí trádála maidir le hola agus cruithneacht le hiar-réimeas al-Assad a éascú agus brabús a dhéanamh astu. Fuair Hussam Al Qatarji, in éineacht lena mhuintir, ceadúnas chun banc nua a chruthú, an National Islamic Bank.(an Banc Ioslamach Náisiúnta) Tá gléasra stroighne nua faighte acu ón rialtas freisin, trí cheann dá gcuideachtaí, Nabd Contracting and Construction. Chuaigh siad isteach san earnáil turasóireachta freisin agus an chuideachta Arman Hotel and Tourist Management LLC cruthaithe acu. Chomh maith leis sin, chuaigh siad i mbun comhfhiontar leis an aireacht turasóireachta "Bere Aleppo Private JSC". Tá mílíste in Aleppo á stiúradh ag Hussam Al Qatarji agus a mhuintir freisin. I mí Dheireadh Fómhair 2021, shínigh BS Company for Oil Services de chuid Qaterji socrú le hiar-réimeas al-Assad chun breosla a sholáthar do stáisiúin gháis i limistéir atá i seilbh iar-réimeas al-Assad.	21.1.2019
288.	Yasser Aziz ABBAS (ar a dtugtar freisin Yasser, Yaser, Yasr; Aziz, Aziz; Abbas, Abas; (ياسر عزيز عباس	Dáta breithe: 22.8.1978; Náisiúntacht: Siriach; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Bajaa Trading Services LLC; Qudrah Trading; Tafawoq Tourism Projects Company; Top Business Yang King; Al-Aziz Group; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad. Tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as trí idirbhearta gnó, lena n-áirítear smuigleáil breosla agus aistrithe arm. Baineann Yasser Aziz Abbas brabús as allmhairí ola a éascú thar ceann iar-réimeas al-Assad agus úsáideann sé an caidreamh atá aige le hiar-réimeas al-Assad chun déileálacha fabhracha agus cóir fhabhrach a fháil.	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
290.	Waseem AL-KATTAN (وسيم القطان) (ar a dtugtar freisin Waseem, Wasseem, Wassim, Wasim; Anouar; al-Kattan, al-Katan, al-Qattan, al-Qatan; وسيم قطان, وسيم أنوار القطان)	Dáta breithe: 20.6.1976; Náisiúntacht: Siriach; Uimhir Aitheantais Náisiúnta na Siria: 10090110187 Post: Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Chúige na Damaisce (Tuaithe); Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Larosa Furniture/Furnishing; Jasmine Fields Company Ltd.; Muruj Cham (Murooj al-Cham) Investment and Tourism Group; Adam and Investment LLC; Universal Market Company LLC; Cisteoir Chónaidhm Chomhlachais Tráchtála na Siria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, atá ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus atá ag tacú leis. Úinéir gnólachtaí éagsúla agus cuideachtaí sealbhaíochta a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, ar nós na réadmhaoine, tionscal na n-óstán sóúla agus ionaid tráchtála. Rinne Waseem al-Kattan dul chun cinn tapa mar mhórphearsa ghnó trí chánacha a ghearradh ar earraí a smuigleáladh isteach in Oirthear Ghouta a bhí faoi léigear agus tá baint aige anois le cineálacha cliantachais atá chun sochair d'iar-réimeas al-Assad. Baineann Waseem al-Kattan tairbhe airgeadais as rochtain fhabhrach ar thairiscintí poiblí agus ar cheadúnais agus ar chonarthaí arna ndámhachtain ag gníomhaireachtaí rialtais mar thoradh ar na dlúthnaisc atá aige le hiar-réimeas al-Assad. In 2020, toghadh al-Kattan ina chomhalta de Chomhlachas Tráchtála na Siria. I mí na Samhna 2021, cheap Rialtas na Siria al-Kattan ina rúnaí ar Chónaidhm Chomhlachais Tráchtála na Siria, d'ainneoin gur chaill sé na toghcháin. In 2022, ceapadh al-Kattan ina Chathaoirleach ar Chomhairle Gnó na Siria-Óman.	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
291.	Amer FOZ (ar a dtugtar freisin Amer Zuhair Fawz) (عامر فوز)	Dáta breithe: 11.3.1976; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; San Críostóir-Nimheas; Uimh. Náisiúnta: 06010274747; Uimhir an phas: 002-14-L169340 Cárta cónaithe UAE: 784-1976-7135283-5 Post: Bunaitheoir District 6 Company; Comhpháirtí bunaitheoir Easy life Company; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Samer Foz; Leas-Chathaoirleach Asas Steel Company; Aman Holding; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad agus a bhfuil leasanna gnó agus gníomhaíochtaí pearsanta agus teaghlaigh aige san iliomad earnálacha de gheilleagar na Siria. Baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála agus tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad. Tá baint aige freisin lena dheartháir Samer Foz, arna ainmniú ag an gComhairle ó Eanáir 2019 mar mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, de dheasca na tacaíochta a thugann sé do réimeas al-Assad agus de dheasca na tairbhe a bhaineann sé as. In éineacht lena dheartháir, tá sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí éagsúla le ISIL (Da'esh) thar ceann iar-réimeas al-Assad, lena n-áirítear airm agus armlón a sholáthar mar mhalairt ar chruithneacht agus ola.	17.2.2020
292.	Saqr RUSTOM (ar a dtugtar freisin Saqr, Saqer; As'ad, Asaad, Asad; al-Rustom, al-Rostom; صقررستم, صقرأسعدالرستم)	Náisiúntacht: Siriach; Post: Ina cheann ar National Defence Force in Homs; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Damas Real Estate Development and Investment LLC; Dáta breithe: 4.12.1947; Inscne: fireann	Ina cheann ar an mbrainse áitiúil den Fhórsa Náisiúnta Cosanta in Homs faoi iar-réimeas al-Assad (mílíste réimis – Shabiha). Tá sé freagrach as rannpháirtíocht an bhrainse áitiúil sin i gcur faoi chois brúidiúil an phobail sibhialtaigh sa tSiria. Trína mhílíste, tá Saqr Rustom freagrach as scéimeanna éagsúla a dhéanann brabús as an gcogadh agus dá bhrí sin baineann sé tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tacaíonn sé leis. Tá baint aige le duine ainmnithe darb ainm Bassam Hassan, a uncail, ar bhunaigh sé Damas Real Estate Development agus Investment LLC leis chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail réadmhaoine.	17.2.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
294.	Khodr Ali TAHER (ar a dtugtar freisin. خضر علي طاهر)	Dáta breithe: 15.5.1976; Náisiúntacht: Siriach; Post: Stiúrthóir agus úinéir Ella Media Services; duine de bhunaitheoirí Castle Security and Protection agus Jasmine Contracting Company; Cathaoirleach agus duine de bhunaitheoirí Syrian Hotel Management Company; Bainisteoir agus úinéir Ematel; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Citadel for Protection; Seirbhísí Garda agus Slándála (Slándáil agus Cosaint an Chaisleáin); Ematel LLC (Ematel Communications); Syrian Hotel Management Company; Jasmine Contracting Company; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad agus atá ag feidhmiú san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria, lena n-áirítear an tslándáil phríobháideach, miondíol fón póca, bainistiú ósta, seirbhísí fógraíochta, aistriú airgid intíre, deochanna alcólacha agus neamh-alcólacha. Tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as trí chomhar ina chuid gníomhaíochtaí gnó agus trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí smuigléireachta agus brabúsaíochta. Tá roinnt cuideachtaí faoi úinéireacht Khodr Ali Taher agus chomhbhunaigh sé roinnt eile. Bíonn sé i mbun gnó le hiar-réimeas al-Assad, lena n-áirítear dul i gcomhfhiontar leis an Syrian Transport and Tourism Company, a bhfuil a dhá thrian faoi úinéireacht na hAireachta Turasóireachta.	17.2.2020
295.	Adel Anwar AL-OLABI (ar a dtugtar freisin Adel Anouar el-Oulabi, Adil Anwar al-Olabi) (عادل أنور العلبي)	Dáta breithe: 10.1.1976; Náisiúntacht: Siriach; Post: Cathaoirleach ar Damascus Cham Holding Company (DCHC); Gobharnóir na Damaisce; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis. Cathaoirleach ar Damascus Cham Holding Company (DCHC), géag infheistíochta ghobharnóireacht na Damaisce chun maoin ghobharnóireacht na Damaisce a bhainistiú agus tionscadal Marota City a chur i ngníomh. Anuas air sin, is é Adel Anwaral-Olabi Gobharnóir na Damaisce, arna cheapadh ag iarUachtarán Bashar al-Assad i mí na Samhna 2018. Ina cháil mar Ghobharnóir ar an Damaisc agus Cathaoirleach ar DCHC, is é atá freagrach as iarrachtaí chun beartais iar-réimeas al-Assad a chur chun feidhme maidir le talamh a díshealbhaíodh a fhorbairt sa Damaisc (lena n-áirítear Foraithne Uimh. 66 agus Dlí Uimh. 10), go háirithe trí thionscadal Marota City.	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
296.	Talal AL-BARAZI (ar a dtugtar freisin Barazi) (طلال البرازي)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: Hama city, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2020
297.	Loubana MOUCHAWEH (ar a dtugtar freisin Lubana, Mshaweh) (لبانة مشوّح)	Dáta breithe: 1955; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: baineann	Aire Cultúir faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh í. Ina cáil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2020
298.	Darem TABA'A (دارم طباع)	Dáta breithe: 7.4.1958; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Oideachais. Ceapadh é i mí Lúnasa 2020 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2020
299.	Ahmad SAYYED (ar a dtugtar freisin Alsyed, al-Sayyed, al-Sayed) (أحمد السيد)	Dáta breithe: 1965; Áit bhreithe: Ouneitra, an tSiria; Inscne: Fireann	An tAire Dlí agus Cirt faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assadar an bpobal sibhialtach.	16.10.2020
300.	Tammam RA'AD (ar a dtugtar freisin; Tamam; Raad) (تمام رعد)	Dáta breithe: 1965; Áit bhreithe: Al-Qusayr, an tSiria; nó Homs, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Acmhainní Hiodrálacha/Uisce faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2020
301.	Kinan YAGHI (ar a dtugtar freisin Yagi) (كنان ياغي)	Dáta breithe: 1976; Áit bhreithe: Salmiya, Hama faoin tuath, an tSiria; Inscne: fireann	An tAire Airgeadais faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
302.	Zuhair KHAZIM (ar a dtugtar freisin Zouhair) (زهير خزيم)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: Ain al-Tinah, an tSiria; Nó Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	An tAire Iompair faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2020
303.	Bassam TOU'MA (ar dtugtar freisin TU'MA) (بسام طعمة)	Dáta breithe: 1969; Áit bhreithe: Safita, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianracha faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020
304.	Hassan GHABACHE (ar a dtugtar freisin GHOBASH, AL-GHABBASH) (حسن غباشة)	Dáta breithe: 1971 Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria Inscne: fireann	An tAire Sláinte faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020
305.	Ziyad SABBAGH (زياد صباغ)	Dáta breithe: 1960; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020
306.	Mohammed Hassan QATANA (حسن قطانة)	Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria Inscne: Fireann	Aire Talmhaíochta agus Athchóirithe Talmhaíochta faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
307.	Ghassan ZAMEL (ar a dtugtar freisin Al-Zamil) (غسان زامل)	Dáta breithe: 1963 Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria Inscne: Fireann	An tAire Leictreachais faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020
308.	Mohamad (ar dtugtar freisin Mohammad) Fayez BARCHA (ar a dtugtar freisin al-BARSHA, AL-BARSHA) (محمد فايز برشة)	Dáta breithe: 1955; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assadar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020
309.	Malloul (a.k.a. Maloul) HUSSEIN (ar a dtugtar freisin AL-HUSSEIN) (ملول حسين)	Dáta breithe: 1950; Áit bhreithe: Gobharnóireacht Al-Hasakah, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020
310.	Mohammad Samir HADDAD (محمد سمير حداد)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	6.11.2020
311.	Faisal MEKDAD (ar a dtugtar freisin Fayçal, al-Mekdad, Meqdad, al-Meqdad) (فيصل المقداد)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Ghasm, Gobharnóireacht Daraa, an tSiria; Inscne: fireann	An tAire Gnóthaí Eachtracha faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí na Samhna 2020 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	15.1.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
312.	Amr SALEM (عمرو سالم)	Dáta breithe: Eanáir 1958; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	15.11.2021
313.	Boutros AL-HALLAQ (بطرس الحلاق)	Áit bhreithe: Dúiche na Damaisce, an tSiria; Inscne: fireann	An tAire Faisnéise faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	15.11.2021
314.	Mohammad SEIFEDDINE (ar a dtugtar freisin, Sif Eddin, Seif El Din) (محمد سيف الدين)	Inscne: fireann	An tAire Saothair agus gnóthaí sóisialta faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	15.11.2021
315.	Diala BARAKAT (ديالا بركات)	Dáta breithe: 1980; Inscne: baineann	Aire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh é. Ina cáil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht uirthi as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	15.11.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
316.	Andrey Nikolaevich TROSHEV (ar a dtugtar freisin Andrei Mykolayvych TROSHEV) Андрей Николаевич ТРОШЕВ	Post/poist: Coirnéal ar scor, Comhalta bunaidh agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Ceann Forine) den Ghrúpa Wagner; Céim: Coirnéal ar scor; Glao-chomhartha: Siedoy; Dáta breithe: 5.4.1953; Áit bhreithe: Leningrad, iar-USSR (ar a dtugtar Cónaidhm na Rúise anois); Náisiúntacht: Rúiseach: Gaolta/Comhlaigh: Dimitriy Utkin (Bunaitheoir an Ghrúpa Wagner); Andrey Bogatov (Ceann an 4th Attack and Reconnaissance Company of the Wagner Group), Aleksandr Sergeevich Kuznetsov (Ceannasaí an 1st Attack and Reconnaissance Company of the Wagner Group); Inscne: fireann	Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Ceann Foirne) an Ghrúpa Wagner, a oibríonn sa tSiria agus a chuireann oiliúint ar fhórsaí na Siria agus a stiúrann iad. Tacaíonn an Grúpa Wagner freisin le hiar-réimeas al-Assad agus troideann sé in éineacht le mílístí atá cleamhnaithe le hiar-réimeas al-Assad agus le harm na Siria le linn iar-réimeas al-Assad. Tá baint dhíreach ag Andrey Troshev le hoibríochtaí míleata an Ghrúpa Wagner sa tSiria. Bhí baint ar leith aige i gceantar Deir ez-Zor. Sa cháil sin, rannchuidíonn sé go mór le hiarrachtaí cogaidh Bashar al-Assad agus dá bhrí sin, tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as.	13.12.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
317.	Andrey Mikhailovich BOGATOV (ar a dtugtar freisin Andrei Mychailovych BOGATOV) Андрей Михайлович БОГАТОВ	Post/poist: Ceann an 4ú Attack and Reconnaissance Company an Ghrúpa Wagner; Glao-chomhartha: Brodiaga; Uimhir aitheantais an Ghrúpa Wagner: M-1601; Dáta breithe: 14.6.1964; Áit bhreithe: Stary Oskol, Belgorod region, iar-USSR (ar a dtugtar Cónaidhm na Rúise anois); Náisiúntacht: Rúiseach; Gaolta/Comhlaigh: Dimitriy Utkin (Bunaitheoir an Ghrúpa Wagner); Andrey Nikolaevich Troshev (Duine de na bunaitheoirí agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Ceann Foirne) den Ghrúpa Wagner), Aleksandr Sergeevich Kuznetsov (Ceannasaí den 1st Attack and Reconnaissance Company den Ghrúpa Wagner); Inscne: fireann	Ceann an 4ú Attack and Reconnaissance Company den Ghrúpa Wagner, a oibríonn sa tSiria agus a chuireann oiliúint ar fhórsaí na Siria agus a stiúrann iad. Tacaíonn an Grúpa Wagner freisin le hiar-réimeas al-Assad agus troideann sé in éineacht le mílístí atá cleamhnaithe le réimeas al-Assad agus le harm na Siria le linn iar-réimeas al-Assad. Tá Andrey Bogatov i gceannas ar oibríochtaí an Ghrúpa Wagner agus tá baint dhíreach aige le hoibríochtaí míleata an Ghrúpa Wagner sa tSiria. Bhí baint ar leith aige i gcath Palmyra. Sa cháil sin, rannchuidíonn sé go mór le hiarrachtaí cogaidh Bashar al-Assad agus dá bhrí sin, tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as.	13.12.2021
323.	Saleh AL-ABDULLAH (صالح عبدالله)	Dáta breithe: 1967 Áit bhreithe: Safita, Tartus, an tSiria Post: Briogáidireghinearál Inscne: fireann	Is é Saleh al-Abdullah ceannasaí an 16ú Briogáid atá cleamhnaithe le ceannas fhórsaí na Rúise sa tSiria ó 2020. Ba ionadaí an Bhriogáidireghinearáil Suhail al-Hassan é roimhe sin, sa 25ú Rannán d'arm na Siria le linn iar-réimeas al-Assad. Tá sé bainteach le hearcú ball don 16ú Briogáid chun troid san Úcráin in éineacht leis an Rúis. Sa cháil sin, tá Saleh al-Abdullah ina chomhalta d'Fhórsaí Armtha na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, ar chéim "coirnéal" agus a chomhionann nó níos airde sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011.	21.7.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
324.	Ahmed KHALIL KHALIL (ar a dtugtar freisin Ahmed KHALIL, Ahmad Khalil Khalil) (احمد خليل خليل)	Dáta breithe: 1969; Áit bhreithe: Qayrun; Inscne: fireann	Is é Ahmed Khalil Khalil comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Siriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Ghrúpa Wagner sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam d'iar-réimeas al-Assad. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Libia agus an Úcráin. Sa chás sin, tacaíonn Ahmed Khalil Khalil le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as.	21.7.2022
325.	Nasser Deeb DEEB (ar a dtugtar freisin Nasser Dhib, Nasser Dib, Nasser Deeb) (ناصر ديب)	Dáta breithe: 21.2.1974; Áit bhreithe: Baniyas, Tartus, an tSiria; Uimhir Aitheantais Náisiúnta na Siria: 10090110187; Inscne: fireann	Is é Nasser Deeb Deeb comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Shiriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Ghrúpa Wagner, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam d'iar-réimeas al-Assad. Ina theannta sin, is é comhúinéir na cuideachta Ella Services é in éineacht le Khodr Ali Taher. Sa cháil sin, tacaíonn Nasser Deeb Deeb le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sé tairbhe as.	21.7.2022
326.	Issam SHAMMOUT (ar a dtugtar freisin Mohammed Issam Shammout, Mohamed Essam Shammout, Muhammad Issam Shammout, Muhammad Essam Shammout) (محمد عصام شموط)	Dáta breithe: 26.8.1971 Áit bhreithe: 232, Tanzeem Kafarsus, an Damaisc, an tSiria Inscne: fireann	Is é Issam Shammout úinéir agus cathaoirleach bhord stiúrthóirí na haerlíne "Cham Wings" agus ceannaire an Shammout Group, atá gníomhach sna hearnálacha gluaisteán, cruach, eitlíochta, seolta lasta, tógála, agus réadmhaoine. D'iompair Cham Wings airm d'iar-réimeas al-Assad. Sa cháil sin, is mórphearsa ghnó é Issam Shammout atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad.	21.7.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1094/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
327.	Wasim Badia AL-ASSAD وسيم بديع الأسد	Dáta breithe: 18.7.1980; Áit bhreithe: Qardaha/an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is col ceathrair le Bashar al-Assad é Wasim Badia al-Assad; dá bhrí sin, is ball de mhuintir Assad é. Tá Wasim Badia al-Assad páirteach freisin i dtáirgeadh agus i ngáinneáil Captagon. Go háirithe, bhí baint aige le táirgeadh Captagon agus tá sé freagrach as lastais drugaí. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
328.	Samer Kamal AL-ASSAD ar a dtugtar freisin “Samir” سامر كمال الأسد	Dáta breithe: 19.5.1973; Áit bhreithe: Qardaha, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is ball de mhuintir Assad é Samer Kamal al-Assad. Feidhmíonn sé i gcomhthéacs na trádála támhshuanach, go háirithe sa táirgeadh. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin,tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
330.	Mohammad SHALISH محمد شاليش	Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Tá dlúthcheangal ag Mohammad Shalish le hiar-réimeas al-Assad. Tá baint aige le hoibríochtaí drugaí agus go sonrach le trádáil in Captagon i réigiún Lattakia. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
331.	Waseem Omar AL-MASALMA وسيم عمر المسالمة	Dáta breithe: 27.8.1981; Áit bhreithe: Bosra Al-Sham/an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Tá Waseem Omar al-Masalma ina cheannaire ar mhílíste réimeas-chleamhnaithe. Tá Waseem Omar al-Masalma rannpháirteach sa trádáil in Captagon faoi stiúir iar-réimeas al-Assad i nDeisceart na Siria, go háirithe in Deraa. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
332.	Amer Tayseer KHITI عامر تيسير خيتي	Dáta breithe: 31.7.1980; Áit bhreithe: Duma/Gobharnóireacht Rif Dimashq/an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is mórphearsa ghnó é Amer Tayseer Khiti atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil leasanna aige i réadmhaoin, i dtógáil agus i dtionscal. Tá dlúthcheangail aige le teaghlach Assad. Tacaíonn sé leis an iarUachtarán al-Assad agus d'eagraigh sé slógaí dó. Tá baint ag Amer Tayseer Khiti freisin le hoibríochtaí smuigleála Captagon agus cheannaigh sé réadmhaoin chun infheistíocht a dhéanamh i saoráidí pacáistithe a úsáidtear le haghaidh smuigleáil drugaí. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
333.	Abdellatif HAMID ar a dtugtar freisin "Hamida" عبد اللطيف حميدة	Dáta breithe: 1.12.1977; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Tá dlúthcheangail ag Abdellatif Hamid le muintir Assad. Tá monarcha ag Abdellatif Hamid in Aleppo atá luaite le táirgeadh agus gáinneáil Captagon. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
334.	Nouh ZAITER Noah ZAITER Noah ZAYTAR نوح زعيتر	Dáta breithe: 1977; Áit bhreithe: Zahle, an Liobáin; Náisiúntacht: Liobánach; Inscne: fireann	Tá baint ag Nouh Zaiter le baill de mhuintir Assad. Tá baint aige le gáinneáil Captagon sa Liobáin agus sa tSiria. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
335.	Taher AL-KAYALI طاهر الكيالي	Dáta breithe: 11.7.1960; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó Siriach is ea é Taher al-Kayali ar leis roinnt cuideachtaí, lena n-áirítear Neptunus LLC. Trína chuideachtaí tá baint aige le táirgeadh agus gáinneáil Captagon, go háirithe ó thaobh é a iompar ó chalafort Latakia. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
